

Dia dhaoibh, a Theachtaí Dála.

Is mise Ciarán Ó Flaithearta. Tá mé i mo chónaí ar Inis Mór, sna hOileáin Árann, i nGaillimh. Tá mé ag freastal ar Choláiste Naomh Éinne ar an oileán.

Tá mé chun labhairt faoi na buntáistí, mí-bhuntaistí agus deacrachtaí a bhíonn ag daoine óga ag dul chuig an gcoláiste agus ag fágáil an oileáin sna blianta beaga seo amach romhainn.

Ar dtús báire is focal an-tábhachtach é an focal fágáil mar is é sin go díreach a bheidh á dhéanamh aos óg an oileáin. Más ag dul ag coláiste nó ag tóraíocht oibre atá muid, beidh orthu an baile a fhágáil agus bogadh amach ar an mórthír. Chun é seo a dhéanamh beidh orthu taisteal. Chun taisteal beidh orthu bád nó eitleán a fháil agus bus nó carr. Tá difríocht iontach mór idir an chaoi a mhairíonn muintir na n-oileán i gcomparáid le muintir na mórthíre. Ní féidir leo léim isteach sa charr agus tiomáint cé bé áit atá siad ag iarraidh .

Le taisteal ó na hoileáin tógann sé pleanáil mar go hiondúil caithfear an aimsir a chur san áireamh. Anseo, i mBaile Átha Cliath tá seirbhísí Dart, Luas, Bus, traen, taxi a fhágann chuile 10, 15, 20 noiméad...ar na hoileáin tá bád faoi dhó sa ló, ar maidin ag a hocht agus tráthnóna ag a sé. Bí ann nó bí as.

Ní thagann scoláirí abhaile chuile dheireadh seachtaine ón gcoláiste mar gheall ar an méid taistil atá i gceist agus ar ndóigh an costas freisin. Tar éis dóibh mar shampla, bus a fháil ó Ollscoil Luimnigh isteach ag an stáisiún i gCathair Luimnigh agus ansin traen nó bus a fháil ó Chathair Luimnigh go Gaillimh, tá ar muintir na n-Oileán bus a fháil ó Ghaillimh chuig calafort Ros a mhíl agus ansin bád a fháil go hÁrainn. Faoin am a bhíonn said sa bhaile tar éis an taisteal mór fada sin bíonn orthu iompú ar a sáile an lá dar gcionn agus a bhealach ar ais go Luimneach a dhéanamh arís. Ní fiú é .

Bíonn orthu lóistín a fháil ar an mórthír mar go bhfuil an teaghlach ar an oileán.

Is iad ceann de na buntáistí ar an oileán ná nach mbíonn mórán coiriúlachta againn mar gheall go bhfuil aithne ag chuile dhuine ar a chéile, ach is mí-bhúntáiste é seo nuair atá muid ar an mórthír mar bíonn daoine saonta maidir leis na baoil a bhíonn ar an mórthír.

I dtaobh spóirt de, bíonn orainn taisteal chuig Gaillimh mar gheall nach bhfuil na huimhreacha againn do fhoireann nó rogha spóirt nó na háiseanna . Faoi láthair níl aon fhoireann peile ag na haois ghrupaí ón gcéad bhliain suas go dtí an séú bliain mar níl na huimhreacha ann, mar sin tá daoine atá ag iarraidh imirt ag imirt leis an Spidéal is tá cailín ag imirt do Bhearna. Níl ach rogha beag de spóirt ar an oileán. Tá triúr, mé féin san aireamh, ag taisteal go dtí an mórthír gach Dé Céadaoin agus Sathairn chun rugbaí a imirt. Is buntáiste mór é nuair a théann muid ag an gcoláiste mar beidh muid in ann spóirt éagsúla a thriail amach.

Téann daoine ón oileán chuig coláiste le Ghaeilge den scoth idir an baile agus an scoil. Bíonn chuile ábhar á múineadh tríd mheán na Gaeilge agus is thréith í, a bhíonn suim ag fostóirí ann. Mar shampla, nuair a bhí mo dheartháir ar champas, an chéad lá ag an gcoláiste, d'fhiarfraigh an treoraí dó, 'Cár bh as é?'; 'As Arainn', a d'inis sé dhó, agus d'fhreagair sé, 'má tá Gaeilge agat beidh jab agat gan stro nuair a fhágann tú an coláiste'.

Bíonn Ardteist iontach ag daoine ón scoil seo mar gheall go bhfuil ranganna chomh beag againn ach freisin tuigeann na múinteoirí na riachtanais foghlama a bhíonn ag dalta dalta. Bíonn níos mó muinín agat asat féin. Ach, tá an t-oideachas ró-mhaith ar bhealach mar níl na hiarscoláirí ag teacht ar ais mar níl na postanna le fáil do na cáilíochtaí atá acu ar na hoileáin.

Is rud íontach a beith ón oileán ach bíonn go leor ag dul in ár naghaidh agus cuireann muid fáilte roimh ghach cúnamh a thugtar dúinn .

Go raibh maith agaibh.